

**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Tríú Dlísheomra) an 20 Deireadh Fómhair 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Oberster Gerichtshof – an Ostair) – BT v Laudamotion GmbH**

(Cás C-111/21) <sup>(1)</sup>

*(Tarchur chun réamhrialú – Aeriompar – Coinbhinsiún Montréal – Airteagal 17(1) – Dliteanas aeriompróirí i gcás báis nó díobhála pearsanta do phaisinéir – Coincheap “díobhála pearsanta” – Neamhord struis iarthrámach a d’fhulaing paisinéir le linn aslonnaithe éigeandála aerárthaigh)*

(2022/C 472/12)

Teanga an cháis: an Ghearmáinis

**An chúirt a rinne an tarchur**

Oberster Gerichtshof

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

Iarratasóir: BT

Cosantóir: Laudamotion GmbH

**An chuid oibríochtúil**

Maidir le hAirteagal 17(1) den Coinbhinsiún maidir le haontú rialacha áirithe i dtaca le hiompar idirnáisiúnta d’aer, a tugadh chun críche in Montréal an 28 Bealtaine 1999, arna shíniú ag an gComhphobal Eorpach an 9 Nollaig 1999 agus arna fhorhmeas thar a cheann le Cinneadh 2001/539/CE ón gComhairle an 5 Aibreán 2001,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní mór díobháil shíceolaíoch a tharla do phaisinéir mar gheall ar “thimpiste”, de réir bhrí na forála sin, nach

mbaineann le “díobháil pearsanta”, de réir bhrí na forála sin, a chúiteamh ar an mbealach céanna le díobháil pearsanta den sórt sin, ar choinníoll go léiríonn an paisinéir gortaithe go bhfuil lagú ar a shláine mheabhrach chomh tromchúiseach nó chomh dian sin go gcuireann sé isteach ar a staid ghinearálta sláinte agus nach féidir é a laghdú gan cóir leighis.

<sup>(1)</sup> IO C 228, 14.06.2021.

**Breithiúnas na Cúirte (an Ceathrú Dlísheomra) an 27 Deireadh Fómhair 2022 (iarratas ar réamhrialú ón Hof van beroep te Brussel – an Bheilg) – Proximus NV v Gegevensbeschermingsautoriteit**

(Cás C-129/21) <sup>(1)</sup>

*(Tagairt do réamhrialú – Próiseáil sonraí pearsanta agus cosaint príobháideachta san earnáil cumarsáide leictreonaí – Treoir 2002/58/CE – Airteagal 12 – Eolaire teileafóin poiblí agus seirbhísí fiosrúcháin eolaire – Toiliú an síntiúsóra – Oibleagáidí an tsoláthraí eolairí agus seirbhísí fiosrúcháin eolaire – Rialachán (AE) 2016/679 – Airteagal 17 – An ceart go ndéanfaí léirscriosadh (“an ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad”) – Airteagal 5(2) – Airteagal 24 – Oibleagáidí faisnéise agus freagracht an rialaitheora)*

(2022/C 472/13)

Teanga an cháis: an Ollainnis

**An chúirt a rinne an tarchur**

Hof van beroep te Brussel

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

Iarratasóir: Proximus NV

Cosantóir: Gegevensbeschermingsautoriteit